CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1157 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Meitheamh 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhfreagairt ar an dearbhú aontaobhach ón Ríocht Aontaithe lena leagtar amach an cleachtas atá beartaithe aici a chur ar bun a mhéid a bhaineann le hallmhairí táirgí feola ón mBreatain Mhór isteach go Tuaisceart Éireann idir an 1 Iúil agus an 30 Meán Fómhair 2021

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chonradh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("An Comhaontú um Tharraingt Siar") ([1]), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/135 ([2]) ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. Is dhlúthchuid den Chomhaontú sin an Prótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann ("An Prótacal").

(2) Dlí an Aontais mar a liostaítear é in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal, in Airteagal 5(4) den Phrótacal, déantar foráil maidir leis an dlí sin a chur i bhfeidhm i ndáil leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann.

(3) I bhforálacha dhlí an Aontais maidir le bia a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal cuimsítear toirmisc agus srianta i ndáil le hallmhairí táirgí feola áirithe ó thríú tíortha isteach go dtí an tAontas. Is ó dheireadh na hidirthréimhse atá feidhm ag na toirmisc agus na srianta sin maidir le hallmhairí táirgí feola den sórt sin ón mBreatain Mhór isteach go Tuaisceart Éireann.

(4) An 17 Nollaig 2020, rinne an Ríocht Aontaithe dearbhú aontaobhach a thaifeadadh sna miontuairiscí ó chruinniú an Chomhchoiste faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, dearbhú lena leagtar amach an cleachtas is mian léi a chur ar bun a mhéid a bhaineann le táirgí feola ón mBreatain Mhór isteach go Tuaisceart Éireann go dtí an 30 Meitheamh 2021. De réir an dearbhaithe ón Ríocht Aontaithe, is faoi na coinníollacha seo a leanas a thabharfaí táirgí feola ón mBreatain Mhór isteach go Tuaisceart Éireann: (i) bheidís faoi réir nós imeachta cainéalaithe ab infheidhme ón áit imeachta ainmnithe sa Bhreatain Mhór chomh fada leis na hollmhargaí cinn scríbe i dTuaisceart Éireann; (ii) is leis na tomhaltóirí deiridh go heisiach a dhíolfaí iad in ollmhargaí atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann, agus ní dhíolfaí le hoibreoirí eile sa slabhra bia iad; (iii) bheadh deimhnithe sláinte oifigiúla leo a d'eisigh na húdaráis inniúla sa Ríocht Aontaithe (iad bunaithe ar shamhlacha den chineál céanna atá ann cheana i gcomhair feoil úr, feoil mhionaithe agus ullmhóidí feola); agus (iv) is le haghaidh na dtomhaltóirí deiridh a dhéanfaí iad a phacáil agus a lipéadú, agus lipéad orthu a mbeadh an méid seo a leanas scríofa air: "Ní fhéadfar na táirgí seo ón Ríocht Aontaithe a dhíol lasmuigh de Thuaisceart Éireann". Thug an Ríocht Aontaithe dá haire le linn na tréimhse sin go mbeidh an Ríocht Aontaithe fós ailínithe le dlí an Aontais is infheidhme maidir le táirgí feola agus le dlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Prótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann. Rinne an tAontas dearbhú aontaobhach lena dtugtar dá aire an cleachtadh a leagtar amach sa dearbhú aontaobhach ón Ríocht Aontaithe.

(5) An 17 Meitheamh 2021, chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas faoin rún atá aige leanúint de chur chuige den chineál céanna a chur i bhfeidhm go ceann trí mhí eile, i.e. go dtí an 30 Meán Fómhair 2021. Ina litir dar dáta 17 Meitheamh 2021, mhol an Ríocht Aontaithe "na socruithe tréimhse cairde atá i bhfeidhm cheana maidir leis na gluaiseachtaí sin, iad a choinneáil ar bun".

([1]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

([2]) Cinneadh (AE 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

(6) D'eisigh an Ríocht Aontaithe dearbhú aontaobhach an 30 Meitheamh 2021, dearbhú lena leagtar amach an cleachtas atá beartaithe aici a chur ar bun a mhéid a bhaineann le hallmhairí táirgí feola ón mBreatain Mhór isteach go Tuaisceart Éireann idir an 1 Iúil agus an 30 Meán Fómhair 2021.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh a chuirfear in iúl ag comhchathaoirleach an Chomhchoiste thar ceann an Aontais a leagan síos, i bhfreagairt ar an dearbhú aontaobhach sin ón Ríocht Aontaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i bhfreagairt ar an dearbhú aontaobhach ón Ríocht Aontaithe lena leagtar amach an cleachtas atá beartaithe aici a chur ar bun a mhéid a bhaineann le hallmhairí táirgí feola ón mBreatain Mhór isteach go Tuaisceart Éireann idir an 1 Iúil agus an 30 Meán Fómhair 2021, beidh sé bunaithe ar an dearbhú aontaobhach ón Aontas atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN

CUR CHUN FEIDHME DHLÍ AN AONTAIS MAIDIR LE TÁIRGÍ FEOLA I DTUAISCEART ÉIREANN TAR ÉIS DHEIREADH NA HIDIRTHRÉIMHSE

DEARBHÚ AONTAOBHACH ÓN AONTAS EORPACH

Tugann an tAontas Eorpach dá aire an dearbhú ón Ríocht Aontaithe lena leagtar amach an cleachtas atá beartaithe aici a chur ar bun a mhéid a bhaineann le hallmhairí na dtáirgí feola sin ón mBreatain Mhór isteach go Tuaisceart Éireann ar feadh na tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair 2021. Tugann an tAontas dá aire go ndearnadh coigeartuithe áirithe ar shlabhraí soláthair cheana féin le linn na chéad 6 mhí de 2021. De réir staitisticí trádála, is é sin an cás go háirithe maidir le feoil mhionaithe. Is é is cuspóir don tréimhse bhreise seo deis a thabhairt do gheallsealbhóirí, agus go háirithe d'ollmhargaí i dTuaisceart Éireann, chun coigeartú ar a slabhraí soláthair a chur i gcrích.

Beidh tionchar ag an gcleachtas seo ar sheasamh an Aontais a mhéid a bhaineann le dul in iontaoibh fheidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 12(4) den Phrótacal.

Mar a chuirtear in iúl sa litir ón Ríocht Aontaithe an 17 Meitheamh ina moltar go gcuirfear síneadh ama leis an gcur chuige a leagadh amach ina dearbhú aontaobhach an 17 Nollaig 2020 ionas go mbeifear ina bhun ar feadh 3 mhí eile, molann an Ríocht Aontaithe "na socruithe tréimhse cairde atá ann cheana atá i bhfeidhm maidir leis na gluaiseachtaí sin, iad a choinneáil" ar feadh na tréimhse sin.

Meabhraíonn an tAontas gur oibleagáid dlí idirnáisiúnta atá ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe é cur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Tugann an tAontas dá aire nach mór do tháirgí feola atá faoi réir an nós imeachta cainéalaithe dá dtagraítear sa dearbhú aontaobhach ón Ríocht Aontaithe a bheith fós faoi rialú údaráis inniúla Thuaisceart Éireann ag gach céim den nós imeachta sin. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhfuil an bonneagar agus na hacmhainní is gá ag Poist Rialaithe Teorann i dTuaisceart Éireann chun go mbeifear in ann na rialuithe go léir is gá de réir an Rialacháin maidir le Rialuithe Oifigiúla an Aontais a dhéanamh.